



**AN ROINN OIDEACHAIS & EOLAÍOCHTA  
DEPARTMENT OF EDUCATION & SCIENCE**

**CIORCLÁN 07/03**

*(Déanann an Ciorclán seo leasú ar [Ciorclán 17/00](#))*

***Ceapacháin chuig  
Poist Fhreagrachta***

**Feabhra 2003**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**Ciorclán Bunoideachais 07/03**

**Chuig Boird Bainistíochta,  
Príomhoidí agus gach Foireann Teagaisc  
i mBunscoileanna**

**CEAPACHÁIN CHUIG POIST FHREAGRACHTA**

**Déanann an Ciorclán leasú ar Chiorclán 17/00**  
Is féidir an Ciorclán seo a fhéachaint chomh maith ar láithreán gréasáin na Roinne  
Oideachais & Eolaíochta ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

Feabhra 2003

<b>ROINN</b>	<b>LEATHANACH</b>
1. Réamhrá.....	5
2. Struchtúir Bhainistíochta.....	5
3. Cuspóirí Struchtúir Bhainistíochta Athbhreithnithe an PCW .....	5
4. Tuairisc Poist/ Sceideal Dualgas .....	6
5. Athbhreithniú ar na Dualgais a Shanntar chuig Poist .....	7
6. Modh le Teidlíocht Scoileanna chuig Poist Fhreagrachta a Chinneadh.....	8
7. Ag Fógairt Post Freagrachta Folamh.....	10
8. Incháilíocht Múinteoirí le hlarratas a Dhéanamh.....	11
9. Nós Imeachta Roghnúcháin maidir le Ceapacháin chuig Poist Príomhoide Ionaid, Príomhoide Cúnta agus Múinteoir Dualgas Speisialta .....	13
10. Iarrthóir ar éirigh leis/léi a cheapadh agus Íocaíocht Liúntais.....	16
11. Éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag ardú/laghdú foirne ar an liúntas a bhíonn iníochta le Príomhoidí agus le Príomhoidí Ionaid .....	18
12. Liúntais Phost Freagrachta a Choinneáil ar Bhonn Pearsanta....	18
13. Tionchair a bhíonn ag Sealbhóirí Liúntais ar Bhonn Pearsanta ar Post/Phoist Freagrachta.....	Líonadh 20
14. Poist Fhreagrachta agus Poist Oideachais Speisialta.....	21
15. Poist Fhreagrachta Ghníomhacha.....	23
16. Íocaíocht Liúntas Poist Fhreagrachta Ghníomhaigh.....	28
17. Sealbhóirí Post Freagrachta nár aontaigh tabhairt faoi dhualgais athbhreithnithe.....	29
18. Nós Imeachta Achomharc.....	30
19. Cónaisc.....	36

20. Liúntas don Mhúinteoir Ranga Príomhshrutha i Scoil Beirt	Mhúinteoirí
.....	37
Aguisín A Ranna C, D agus E de Chiorclán 16/73.....	40
Aguisín B Sceideal na bPost .....	42
Aguisín c Catagóir Liúntais Phríomhoidí agus Phríomhoidí Ionaid... Éifeachtach ón 1 Meán Fómhair 1996	43

## 1. RÉAMHRÁ

Mar thoradh ar na moltaí a glacadh mar chuid den Chlár um Iomaíochas agus Obair le struchtúir bhainistíochta in-scoile athbhreithnithe a chur i bhfeidhm cruthaíodh go leor poist fhreagrachta bhreise i mbunscoileanna agus glacadh le nósanna imeachta nua le ceapacháin phost mar sin a dhéanamh.

Tá cuntas ar sceideal dualgas phoist fhreagrachta, an líon post freagrachta atá riachtanach i mbunscoileanna agus tionchar phoist fhreagrachta a shealbhaítear faoi láthair ar bhonn pearsanta ar líonadh post den sórt sin sa Chiorclán seo. Tá na nósanna imeachta ar fad a bhaineann le líonadh phoist fhreagrachta agus nós imeachta achomharc a comhaontaíodh idir na comhlachtaí bainistíochta agus Cumann Múinteoirí Éireann sa Chiorclán.

**Dá réir sin, tagann an Ciorclán seo in áit Chiorcláin 6/97, 49/97, 32/98, 39/98, 27/99 roimhe seo agus tá sé mar chuid de 27/02 agus 17/00.**

## 2. STRUCHTÚIR BHAINISTÍOCHTA

Faoi théarmaí chomhaontú PCW cuireadh struchtúir bhainistíochta nua i bhfeidhm do bhunscoileanna a thug teidil nua ar na cineálacha post bainistíochta in-scoile a bhí ann cheana féin – Príomhoide, Leas-Phríomhoide, Grád A agus Grád B.

Tagraítear do na poist sin anois mar Phríomhoide, Príomhoide Ionaid, Príomhoide Cúnta agus Múinteoir Dualgas Speisialta.

## 3. CUSPÓIRÍ STRUCHTÚIR BHAINISTÍOCHTA ATHBHREITHNITHE AN PCW

Tríd is tríd leagadh amach struchtúir bhainistíochta athbhreithnithe a cuireadh i bhfeidhm i mbunscoileanna tar éis glacadh le PCW chun:

- freagrachtaí na bpost a mheaitseáil níos dlúithe le tascanna lárnacha na scoile, agus freagrachtaí do na poist éagsúla a shonrú go soiléir.
- fócas ar sholáthar deiseanna do mhúinteoirí le freagracht a ghlacadh as ceannaireacht teagaisc, forbairt churaclaim, bainistíocht foirne, agus as obair acadúil agus threadach na scoile sa scoil.
- nósanna imeachta roghnúcháin a bhunú do Phríomhoidí Ionaid, Príomhoidí Cúnta, agus do Mhúinteoirí Dualgas Speisialta agus é mar aidhm a chinntiú go gceaptar na daoine is oiriúnaí.

### ***Tuairisc Poist/Sceideal Dualgas***

(a) D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le riachtanais agus le tosaíochtaí bainistíochta in-scoile ag brath ar réimse leathan fachtóirí lena n-áirítear an cineál scoile,

méid na scoile, suíomh na scoile, agus leibhéal ghnóthachtáil oideachasúla na ndaltaí. Dá réir sin, ní mór do bhainistíocht in-scoile tríd is tríd aird a thabhairt ar an tsolúbthacht agus ar an athrú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó am go ham.

(b) Tá cuntas ar na dualgais a d'fhéadfaí a tharmligean ar shealbhóirí post i Ranna C, D, agus E de Chiorclán 16/73 na Roinne Oideachais agus tá cuntas orthu in **Aguisín A** ar Leathanaigh 24 agus 25. **Níl na dualgais atá liostaithe iomlán agus d'fhéadfaí cur leo ag an leibhéal áitiúil.** Tríd is tríd clúdaíonn an liosta dualgas cúrsaí curaclaim, acadúla, riaracháin agus tréadacha.

(c) Ní mór don Phríomhoide, i ndiaidh dul i gcomhchomhairle leis an bhfoireann, an sceideal post maidir le dualgais fhreagrachta a chomhaontú. Tabharfaidh an sceideal agaidh ar riachtanais lárnacha na scoile.

(d) Ní mór an sceideal dualgas comhaontaithe a chur isteach chuig an mBord Bainistíochta lena cheadú.

(e) Ba chóir don Bhord Bainistíochta/Chathaoirleach socrú a dhéanamh i gcomhchomhairle leis an bPríomhoide, le dualgas nó dualgais ar leithligh ón sceideal, a shannadh ar an bpost (na poist) folamh. Ní mór don réimse dualgas a ghabhann leis an bpost (poist) a bheith uilechuimsitheach ar bhealach a chuideodh le hiarratais a fháil ón bhfoireann teagaisc go léir.

(f) Ba chóir cinneadh faoi na dualgais a dhéanamh chomh fada agus is féidir trí chomhthoilíú idir an Bord Bainistíochta agus an fhoireann teagaisc. Mar sin féin mura féidir comhthoilíú a bhaint amach i ndiaidh chomhchomhairle fada, luífidh cinntí críochnaitheacha maidir leis an gceist leis an mBord Bainistíochta.

(g) Ba chóir a thabhairt ar aird nach mór do gach sealbhóir poist, a bhfuil liúntas á íoc leo i scoil, lena n-áirítear Cúntóirí Pribhléide agus sealbhóirí post eile a fhaigheann liúntais fhreagrachta ar bhonn pearsanta, dualgais phoist fhreagrachta a ghlacadh.

## **5. ATHBHREITHNIÚ AR NA DUALGAIS A SHANNTAR CHUIG POIST**

D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le dualgais phoist Fhreagrachta ó am go ham i ndiaidh an phróisis comhchomhairle a bhfuil cuntas air i Ranna 4(c), (d), (e) agus (f) de réir mar a éilíonn riachtanais na scoile, faoi réir an leibhéal céanna freagrachta a bheith ag baint leis an bpost athbhreithnithe agus a bhí ag baint go ginearálta leis an gceann roimhe sin.

Beidh deis ag an mBord Bainistíochta nó ag sealbhóir an phoist fhreagrachta athbhreithniú a thosú ar na dualgais atá sannta ar an bpost.

D'fhéadfadh na cúiseanna seo a leanas a bheith i measc na gcúiseanna le hathbheithniú:

- athbheithniú ar leibhéal feidhmíochta dualgas,
- athbheithniú ar an am a theastaíonn chun dualgais a fheidhmiú, i.e. lena chinntiú go bhfuil an t-am atá ann leis na dualgais a chomhlíonadh réasúnach agus cothrom leis an leibhéal liúntais a íoctar as na dualgais.
- athbheithniú i gcomhthéacs riachtanais na scoile a bheith ag athrú.

Chomh luath agus a bheidh athbheithniú curtha ar bun ba chóir go mbeadh:

(a) comhchomhairle ann idir an Bord Bainistíochta agus an sealbhóir poist agus

(b) comhaontú socraithe idir an dá thaobh sular féidir aon athrú a chur i bhfeidhm.

## **6. MODH LE TEIDLÍOCHT SCOILEANNA CHUIG POIST FHREAGRACHTA A CHINNEADH**

(a) Ón 1 Meán Fómhair 1998, cinntear teidlíocht scoileanna chuig poist fhreagrachta trí thagairt a dhéanamh don líon post teagaisc údaraithe (féach sainmhíniú i 6(b) anseo thíos) a faomhadh sa bhliain ar carnaíodh na poist fhreagrachta.

(b) Is éard is poist teagaisc údaraithe ann:

(1) Gach post teagaisc príomhshrutha a bhíonn ag teastáil i scoil trí thagairt a dhéanamh do rollú na scoile an 30 Meán Fómhair sa scoilbhliain roimhe sin,

agus

(2) Gach post eis-chuóta faofa

chomh maith leis sin

(3) Féadfar poist teagaisc a bheidh faofa go sealadach de réir threoirlínte uasmhéid ranga, más ann, agus/nó poist teagaisc faofa go sealadach de réir chritéir scoile a bhíonn ag forbairt, más ann, a chur san áireamh chomh maith.

Sa chás áfach go gcuirtear deireadh leis an bpost (poist) i ndiaidh an rollú a fhíorú, dícheadófar poist teagaisc a cuireadh san áireamh amhlaidh agus cuirfear coigeartú cuí i bhfeidhm ar sceideal na bpost freagrachta.

(4) Tríd is tríd féadfar poist teagaisc a faomhadh roimh 23 Nollaig i scoilbhliain a chur san áireamh le haghaidh poist fhreagrachta a chinneadh ar choinníoll go líontar na poist teagaisc láithreach. Sa chás sin, íocfar an liúntas (más ann) ó dháta an cheapacháin.

(5) Ní áireofar poist teagaisc a faomhadh do scoil tar éis dheireadh an chéad téarma, i.e. tar éis 30 Nollaig ach in imthosca eisceachtúla leis an líon post freagrachta a bheidh dlite do scoil sa scoilbhliain sin a chinneadh. Má chuirtear san áireamh iad, íoctar an liúntas (más ann dó) ó dháta an cheapacháin.

(6) Ní áirítear poist olluimhriúla sa líon post údaraithe i scoil.

(c) Le héifeacht ón 1 Eanáir 2002 féadfar liúntas Múinteora Dualgas Speisialta a íoc leis an dara múinteoir i scoileanna beirt mhúinteoirí.

(d) Tá an sceideal a thugann cuntas ar an líon post teagaisc údaraithe is gá chun poist fhreagrachta a chruthú faoi iamh ag Aguisín B. Agus tagairt á dhéanamh don sceideal seo, ní mór aird a thabhairt orthu seo a leanas:

- forálacha Roinn 12 den Chiorclán seo. Baineann Roinn 12 le líonadh phoist dualgas nuair a bhíonn múinteoir(i) ar fhoireann scoile a bhfuil liúntais phoist fhreagrachta acu ar bhonn pearsanta.
- an líon sealbhóirí post i ngach grád cheana féin lena n-áirítear sealbhóirí post a chinneann gan tabhairt faoi dhualgais athbheithnithe mar a sholáthraítear i gcomhaontú PCW. Ináirítear iad sin agus measúnú á dhéanamh ar theidlíocht iomlán scoile.

## **7. AG FÓGAIRT POST FREAGRACHTA FOLAMH**

Ní mór an nós imeachta seo a leanúint i gcás gach Post freagrachta i scoil ach amháin i gcás íocaíocht an Liúntais Dualgas Speisialta leis an dara múinteoir ranga príomhshrutha i scoil beirt mhúinteoirí (féach Roinn 20).

(a) Crochfar fógra faoi phost freagrachta folamh in áit fheiceálach laistigh den scoil ionas gur féidir leis an bhfoireann teagaisc go léir rochtain a bheith acu air. Chomh maith leis sin, ní mór fógra a sheoladh chuig múinteoirí ar saoire.

(b) Ba chóir go mbeadh ráiteas faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost san fhógra.

(c) Ba chóir go bhfágfaí an fógra ar an gclár fógraí sa scoil ar feadh cúig lá scoile as a chéile.



(d) Ba chóir go sonrúfaí dáta deiridh le hiarratais scríofa a fháil san fhógra, dáta nach luaithe ná deich lá scoile ón dáta deiridh a mbeidh an fógra crochta.

(e) Ba chóir do mhúinteoirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar an bpost freagrachta folamh sin a dhéanamh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta laistigh den teorainn ama a bheidh sonraithe ar an bhfógra.

**Nóta:**

(i) Tabhair ar aird le do thoil go n-áirítear sa tréimhse cúig lá scoile dá dtagraítear i (c) thuas an lá a bhfoilsítear den chéad uair fógra an cheapacháin atá molta.

(ii) Tabhair ar aird le do thoil go n-áirítear sa tréimhse deich lá scoile dá dtagraítear i (d) thuas an lá deiridh a mbíonn an fógra ar crochadh.

**8. INCHÁILÍOCHT MÚINTEOIRÍ LE HIARRATAS A DHÉANAMH**

**(a)** Beidh gach múinteoir buan agus sealadach cáilithe atá ag tabhairt seirbhíse i mbunscoil aitheanta incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phoist fhreagrachta i.e. Príomhoide Ionaid, Príomhoide Cúnta agus Múinteoir Dualgas Speisialta. Ní cheadófar áfach múinteoir sealadach cáilithe a cheapadh chuig post freagrachta ach amháin i gcumas sealadach/gníomhach fad is a mhaireann a c(h)onradh, nó go dtí nach mbíonn an post ag teastáil sa scoil a thuilleadh, cibé acu is luaithe. Beidh múinteoirí le haitheantas sealadach nó srianta incháilithe freisin le hiarratas a dhéanamh.

**(b) Múinteoirí ar Shaoire Cheadaithe:**

Beidh múinteoirí a bheidh ar shaoire cheadaithe, mar shaoire bhreuiteachta, saoire mháithreachais, saoire cúramóra nó ar shos gairme incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar phost freagrachta. Ba chóir cóip d'fhógra an phoist freagrachta folaimh a sheoladh le post cláraithe chuig múinteoirí den sórt sin chuig a gcuid seoltaí teagmhála. Is faoi mhúinteoirí atá ar shaoire a chinntiú go mbeidh seoladh teagmhála cothrom le dáta agus reatha ag an mBord Bainistíochta dóibh.

**(c) Poist Teagasc Eis-Chuóta (Roinnte agus Neamhroinnte):  
(Féach freisin Roinn 14)**

Beidh múinteoir atá ag obair i bpost teagasc eis-chuóta speisialta **ar bhonn neamhroinnte** incháilithe le hiarratas a dhéanamh agus le ceapadh chuig gach post freagrachta (ach amháin Príomhoide), i.e. **Príomhoide Ionaid, Príomhoide Cúnta nó Post Dualgas Speisialta.**

Beidh múinteoir atá ag obair i bpost eis-chuóta speisialta **ar bhonn roinnte** e.g múinteoir tacaíochta foghlama roinnte incháilithe le ceapadh nó leanúint ag sealbhú **post Dualgas Speisialta nó post Príomhoide Cúnta**, faoi réir an Bhord Bainistíochta a bheith sásta go gcomhlíonfar dualgais an phoist go hiomlán.

Beidh múinteoir atá ag obair i bpost teagasc eis-chuóta roinnte incháilithe le ceapadh chuig post an **Phríomhoide Ionaid**, ach beidh air/uirthi post an **Phríomhoide Ionaid** a

ghéilleadh go sealadach, fad is a bhíonn sé/sí ag obair sa phost teagaisc roinnte. Sa chás go ngéilleann Príomhoide Ionaid a p(h)ost go sealadach féadfar Príomhoide Ionaid Gníomhach a cheapadh de réir théarmaí Roinn 15 den Chiorclán seo.

**(d) Múinteoirí atá ag roinnt poist:**

Beidh múinteoir atá ag roinnt poist incháilithe le post Príomhoide Ionaid a shealbhú nó incháilithe le ceapadh sa phost sin ach beidh air/uirthi post an Phríomhoide Ionaid a ghéilleadh go sealadach fad is a bheidh sé/sí ag roinnt poist.

Sa chás go ngéilleann Príomhoide Ionaid a p(h)ost go sealadach féadfar Príomhoide Ionaid Gníomhach a cheapadh de réir théarmaí Roinn 15 den Chiorclán seo.

Beidh múinteoir a bheidh ag roinnt poist incháilithe post Dualgas Speisialta nó post Príomhoide Cúnta a shealbhú nó le ceapadh sna poist sin ar bhonn roinnte nó ar bhonn lánaimseartha. Sa chás sin i.e. ar bhonn lánaimseartha féadfaidh an múinteoir an post freagrachta a choinneáil ar bhonn lánaimseartha ach Bord Bainistíochta na scoile a bheith sásta go gcomhlíonfar go hiomlán dualgais an phoist ar feadh achar an phoist chomhroinnte.

Beidh ar mhúinteoir a shealbhaíonn post freagrachta agus a bhog ó scoil eile ar mhaithe le socrú roinnt poist idir scoileanna a phost/post a ghéilleadh go sealadach fad is a mhaireann an socrú roinnte poist. Féadfar sealbhóir poist gníomhach a cheapadh sa scoil ina raibh sé/sí roimhe sin fad is a mhaireann an socrú roinnte poist de réir théarmaí Roinn 15 den chiorclán seo.

Beidh ar mhúinteoir a bhfuil post freagrachta aige/aici agus atá ag obair i socrú roinnte poist idir-scoileanna i scoil eile a phost/post a ghéilleadh go sealadach fad is a mhaireann an socrú roinnte poist. Féadfar sealbhóir poist gníomhach a cheapadh sa scoil ina raibh sé/sí roimhe sin fad is a mhaireann an socrú roinnte poist de réir théarmaí Roinn 15 den chiorclán seo.

**9. NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN MAIDIR LE CEAPACHÁIN CHUIG POIST PRÍOMHOIDE IONAI, PRÍOMHOIDE CÚNTA AGUS MÚINTEOIR DUALGAS SPEISIALTA**

(a) Beidh Príomhoide, Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus measúnóir neamhspleách ar an mBord Roghnúcháin. (Sa chás go mbunaítear an dara Bord Roghnúcháin i ndiaidh achomhairc, beidh an dara measúnóir neamhspleách ar an mBord Roghnúcháin) – Tagairt i Roinn 18(c)(5) den Nós Imeachta Achomharc.

(b) Is é an Bord Bainistíochta a cheapfaidh an measúnóir neamhspleách agus roghnófar é/í ó liosta ainmneacha a chuirfear le chéile go sonrath don chuspóir seo idir Phátrún na scoile agus Cumann Múinteoirí Éireann. Tá na liostaí seo ar fáil ó Ionadaithe Ceantar Chumann Múinteoirí Éireann agus ó Ionadaithe an Phátrúin. (Mar shampla, i gcás scoileanna Caitliceacha, tá na liostaí ar fáil ón Rúnaí Deoise áitiúil).

(c) Buailfidh an Bord Roghnúcháin le chéile laistigh de thréimhse réasúnach tar éis dháta deiridh d'iarratais a fháil. Déanfaidh an Bord Roghnúcháin breithniú ar na hiarratais agus cuirfidh agallamh ar gach iarratasóir don phost, fiú amháin mura mbeidh i gceist ach iarratasóir amháin.

(d) Sa chás go mbeidh níos mó ná post amháin le líonadh ag an am céanna le haghaidh post freagrachta den ghrád céanna agus nuair is cuí, is faoin mBord Roghnúcháin a bheidh sé agallamh amháin a chur ar iarratasóir a bhféadfadh iarratas a bheith déanta aige/aici ag an am céanna ar roinnt de na poist sa ghrád céanna. Sna cásanna sin, ní mór don Bhord Roghnúcháin a dhéanamh soiléir don iarratasóir cad é an dualgas ar leith nó sraith dualgas atáthar a bhreithniú ag aon am amháin. Ní bheidh feidhm leis an bhforáil seo i gcás ceapacháin chuig poist fhreagrachta a bhfuil grádanna difriúla ag baint leo, agus a éilíonn agallaimh ar leithligh.

(e) Agus iarratasóir á roghnú le haghaidh post freagrachta, beidh feidhm le forálacha Roinn 15(b) agus (c) de Bhoird Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta – Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta (eagrán reatha) sa chás go mbíonn gaol idir iarratasóir poist agus comhalta den Bhord Roghnúcháin.

(f) Beidh aird chuí ag an mBord Roghnúcháin ar fhorálacha An Achta um Chomhionannas Fostaíochta (1998) agus Cód Cleachtais an Údaráis Chomhionannais.

(g) Coinneoidh Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin taifid de na hagallaimh lena n-áirítear bileoga marcála go dtí go gcríochnófar an próiseas ceapacháin. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar an gcóras marcála áit a mbeidh níos mó ná agallamh amháin i gceist. Is faoin mBord Roghnúcháin a bheidh sé a chóras marcála féin a fhorbairt

**Ciorclán 07/03**

chomh fada agus go gcuirfear an tábhacht chéanna leis na trí chritéar atá liostaithe thíos.

(h) Beidh roghnúcháin na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo bunaithe ar thrí chritéar. Beidh an tábhacht chéanna ag baint le gach ceann de na critéir. Is iad seo a leanas na critéir:

(1) a bheith toilteanach páirt a ghlacadh i struchtúir mheánbhainistíochta trí na freagrachtaí breise atá sonraith sa liosta dualgas a ghlacadh;

(2) taithí a bheidh faighte ó fad seirbhíse sa scoil (féach \*\* leathanach 8); agus

(3) an cumas na dualgais a ghabhann leis an bpost a chur i bhfeidhm (féach \*\* leathanach 8).

(i) Sa chás go mbeidh an rangú céanna ag beirt iarrthóirí nó níos mó i ngach ceann de na trí chritéar, beidh cead ag Bord Roghnúcháin, an toradh a chinneadh trí thagairt do rangú sinsireachta na múinteoirí sa scoil.

(j) Agus agallamh curtha ar iarrthóirí den sórt sin a chuireann iad féin i láthair, cuirfidh an Bord Roghnúcháin tuarascáil scríofa chuig an mBord Bainistíochta agus ainmneoidh an t-iarrthóir a mheasann sé is oiriúnaí le ceapadh chuig an bpost.

**\* Ag ríomh Fad Seirbhísí chun críocha Ceapacháin chuig Post Freagrachta:**

- Ní áireofar saoire neamhláithreachta scoilbhliana amháin nó níos faide, a glacadh tar éis an 1 Meán Fómhair 1999 mar sheirbhís e.g. iasacht, sos gairme;
- Áireofar gach saoire neamhláithreachta cheadaithe a glacadh roimh an 1 Meán Fómhair 1999;
- Ní hionann saoire mháithreachais, saoire in lieu ar shaoire mháithreachais, saoire mháithreachais neamhíochta, saoire uchtaíoch, saoire uchtaíoch neamhíochta, saoire in lieu ar shaoire uchtaíoch, saoire do thuismitheoirí agus saoire bhreiteachta le teastas agus saoire neamhláithreachta chun críocha an Chiorcláin seo;
- Áireofar saoire neamhláithreachta do thréimhsí is lú ná scoilbhliain agus ní bheidh tionchar aige sin ó thaobh na bliana atá i gceist a bheith comhartha go hiomlán;
- Áireofar mar bhliain iomlán seirbhís cháilithe bhuan, shealadach agus ionadaíoch a thugtar sa scoil sa chás go mbeidh an post freagrachta i bhfeidhm ar feadh ar a laghad 60 lá in aon scoilbhliain amháin. Beidh áireamh seirbhís den sórt sin faoi réir fhíorú gur féidir lena leithéid de sheirbhís a bheith ann. D'fhéadfaí uasmhéid de 1 bhliain creidmheasa a dheonú maidir le haon scoilbhliain amháin. Ní áireofar seirbhís is lú ná 60 lá in aon scoilbhliain amháin;
- Áireofar roinnt poist ar an mbunús gur ionann aon scoilbhliain ag roinnt poist agus bliain amháin seirbhíse; agus
- Áireofar seirbhís a tugadh i scoil sula ndearnadh comhnascadh uirthi chuig an scoil atá ann anois;
- Sa chás go n-éiríonn Príomhoide as a phost/post chun post éagsúil a ghlacadh sa scoil e.g. príomhshrutha, post acmhainní, forghéilltear a shinsireacht/sinsireacht. Ina dhiaidh sin má dhéanann an Príomhoide iarratas ar phost freagrachta sa scoil, áireofar blianta seirbhíse an Phríomhoide sa scoil faoi chritéir (h) (2).

**\*\* Agus measúnú á dhéanamh ar chritéir (h) (3) i.e. cumas, beidh cead ag an mBord Roghnúcháin taithí chuí a bheidh faighte ag múinteoir agus é/í ar shaoire neamhláithreachta, lena n-áirítear sos gairme nó iasacht a bhreithniú.**

## **10. IARRTHÓIR AR ÉIRIGH LEIS/LÉI A CHEAPADH**

(a) Cuirfear moladh an Bhord Bainistíochta post a thairiscint do mhúinteoir áirithe ar crochadh laistigh den scoil sna téarmaí seo a leanas:-

*"Tá sé i gceist ag an mBord Bainistíochta (ainm na scoile) post..... (sonraigh an post) a thairiscint do ..... (ainm an mhúinteora), ar choinníoll nach mbeidh achomharc i scríbhinn in aghaidh an mholta lóisteáilte le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta laistigh de dheich lá scoile\* ó fhoilsítear an fógra seo ag iarrthóir nár éirigh leis nó léi." (Dáta foilsithe agus síniú an Chathaoirligh le cur san áireamh leis an bhfógra.)*

Ba chóir chomh maith leis sin cóip den fhógra seo a chur le post cláraithe chuig múinteoirí atá ar shaoire cheadaithe, agus a chuir iad féin i láthair le haghaidh agallaimh. Ní mór do mhúinteoirí a bheidh ar saoire cheadaithe agus ar mian leo achomharc a chur isteach in aghaidh chinneadh an Bhoird Bainistíochta sin a dhéanamh laistigh de 10 lá scoile ó gheobhaidh siad an litir.

\*Tabhair ar aird le do thoil go n-áirítear sa tréimhse deich lá scoile an lá a bhfoilsítear fógra faoin gceapachán molta.

b) Sa chás nach ndéanfar aon achomharc, cuirfidh an Bord Bainistíochta fógra chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le ceapachán an iarratasóra ar éirigh leis/léi. Sa chás go mbeidh achomharc i gceist ba chóir don Bhoird Bainistíochta an chéad mhúinteoir eile is sinsearaí agus is oiriúnaí i gcumas gníomhach a cheapadh chun dualgais an phoist a chomhlíonadh, fad is a bheidh an próiseas achomhairc á reachtáil.

(c) Deimhneoidh an Bord Bainistíochta an ceapachán don mhúinteoir.

Sula nglacfaidh an sealbhóir poist le ceapachán, déanfaidh sé nó sí conradh le tabhairt faoi dhualgais an phoist ina bhfuil sé/sí ceaptha. Féadfar an conradh a fhianaisiú in aon cheann de na trí fhormáid seo a leanas:

(1) comhaontú scríofa lena n-áirítear na dualgais atá tarraingthe suas idir an Bord Bainistíochta agus an múinteoir atá i gceist agus sínithe ag an múinteoir agus ag Cathaoirleach an Bhoird;

*nó*

(2) litir ón múinteoir atá i gceist chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ag léiriú a thoilteanais/toilteanais glacadh leis an bpost chomh maith leis na dualgais a ghabhann leis an bpost;

*nó*

(3) litir ó Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta chuig an múinteoir atá i gceist ag deimhniú nádúr an chomhaontaithe ar thángthas air leis an múinteoir agus ag tabhairt cuntais ar na dualgais a ghabhann leis an bpost.

Níl sé riachtanach cóip den chonradh cuí a chur isteach chuig an Roinn ach ba chóir don Bhoird Bainistíochta agus don mhúinteoir cóip a choinneáil.

(d) Agus na ceapacháin déanta, ba chóir do Bhoird Bainistíochta fógra a chur chuig an Roinn faoi sin ag baint úsáide as foirm POR 1 Leasaithe ionas gur féidir leis an múinteoir liúntas an phoist fhreagrachta a fháil. Tá an fhoirm sin ar fáil arna héileamh ó **Rannóg**

**Íocaíochtaí Bunoideachais na Roinne i mBaile Átha Luain nó ó láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag [www.education.ie](http://www.education.ie)**

### **11. ÉIFEACHT A D'FHÉADFADH A BHEITH AG ARDÚ/LAGHDÚ FOIRNE AR AN LIÚNTAS A BHÍONN INÍOCTHA LE PRÍOMHOIDÍ AGUS LE PRÍOMHOIDÍ IONAIÐ**

(a) D'fhéadfaí liúntais Phríomhoidí agus Príomhoidí Ionaid a ardú (ní áirítear iad sin a bhfuil liúntais acu ar bhonn pearsanta agus iad sin nár aontaigh dualgais athbhreithnithe a ghlacadh faoi PCW) má ardaíonn an líon múinteoirí sa scoil. Ní bheidh feidhm leis sin ach amháin má tharlaíonn athrú catagóra i gcás Phríomhoidí/Phríomhoidí Ionaid (féach Agusín C, leathanach 27) mar thoradh ar an ardú sa líon múinteoirí. Déanfaidh an fhoireann in Íocaíochtaí Bunoideachais é sin go huathoibríoch. Ní gá don scoil dul i dteagmháil leis an Roinn.

(b) Ní laghdóidh liúntais a bheidh ag Príomhoidí agus Príomhoidí Ionaid fiú amháin má laghdaíonn méid na scoile.

### **12. LIÚNTAIS PHOST FREAGRACHTA A CHOINNEÁIL AR BHONN PEARSANTA AGUS AG CÚNTÓIRÍ PRIBHLÉIDE**

Coinneoidh múinteoir buan a bhfuil liúntas post freagrachta aige/aici an liúntas ar bhonn pearsanta fiú amháin mura dteastóidh an post ina dhiaidh sin de réir sceideal na bpost. **Ní mór** áfach don sealbhóir poist leanúint ar aghaidh le dualgais a chomhlíonadh le linn dó/dí leanúint ar aghaidh ag múineadh sa scoil.

Le héifeacht ón 1 Bealtaine 1999 sa chás go sealbhaítear post Príomhoide gníomhach, Príomhoide Ionaid gníomhach, Príomhoide Cúnta gníomhach nó múinteoir Dualgas Speisialta gníomhach ar feadh tréimhse níos faide ná cúig bliana as a chéile coinneofar an liúntas gníomhú suas ar bhonn pearsanta (ní áireofar ceapachán gníomhach i gcás sos gairme 5 bliana). Ní bheidh an sealbhóir poist gníomhach áfach incháilithe leis an liúntas a choinneáil má ghéilleann sé/sí an post gníomhach go deonach.

Caithfidh sealbhóir ar bhonn pearsanta tabhairt faoi dhualgais phost freagrachta.

Sa chás go bhfágfaidh an sealbhóir poist an scoil go deonach caillfidh sé/sí an liúntas.

Roimh 1 Meán Fómhair 2002 d'fhéadfadh múinteoir Cúnta Pribhléide an leibhéal liúntais Príomhoide a bhainfeadh lena hiar/iar scoil a choinneáil ar feadh an chuid eile dá s(h)aol teagaisc chomh fada agus nár ghlac sé/sí le post lenár bhain liúntas níos airde. Ní cheadófar áfach, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2002 do Chúntóir Pribhléide an liúntas a choinneáil ach amháin i gcás athrú deonach amháin a tharlaíonn ar an dáta seo nó dá éis. (Ní chuirfidh múinteoir Cúnta Pribhléide cosc ar líonadh post freagrachta sa scoil a rachaidh sé/sí chuici go deonach chomh fada agus go dtarlaíonn an t-athrú deonach sin an 1 Meán Fómhair 2002 nó dá éis). Coinneoidh Cúntóir Pribhléide a athimlonnaítear go héigeantach an leibhéal liúntais Príomhoide agus ní chuirfidh cosc ar líonadh post freagrachta.

Ní mór do Chúntóir Pribhléide tabhairt faoi dhualgais post freagrachta. Ba chóir do dhualgais den sórt sin a bheith ag teacht tríd is tríd le dualgais a shanntar ar mhúinteoirí Dualgas Speisialta.

### **13. TIONCHAR A BHÍONN AG SEALBHÓIRÍ LIÚNTAIS AR BHONN PEARSANTA AR LIÓNADH POST/PHOIST FREAGRACHTA**

(a) D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag sealbhóirí post ar bhonn pearsanta ar an bhfoireann ar líonadh phoist fheagrachta ag grádanna an Phríomhoide Ionaid, an Phríomhoide Chúnta agus an Mhúinteoir Dualgas Speisialta.

Féach le do thoil ar Roinn 19 maidir leis an tionchar a bhíonn ag sealbhóirí liúntais ar bhonn pearsanta ar líonadh phoist fheagrachta i scoileanna cónasctha.

#### **Príomhoide Ionaid**

(b) Cuirfidh Príomhoide Ionaid (Ar Bhonn Pearsanta)/ Leas-Phríomhoide (Ar Bhonn Pearsanta) ar fhoireann na scoile cosc ar líonadh phost an Phríomhoide Ionaid ar choinníoll go mbeidh an ráta liúntais a bheidh iníoctha leis an sealbhóir poist ar bhonn pearsanta cothrom leis an liúntas a bheidh dlite don Phríomhoide Ionaid nó níos airde.

Féach ar Roinn 20 maidir le scoil beirt mhúinteoirí a athraíonn go dtí scoil triúr múinteoirí.

#### **Príomhoide Cúnta**

(c) Cuirfidh aon cheann de na sealbhóirí post seo a leanas ar bhonn pearsanta cosc ar líonadh post Príomhoide Chúnta:

- Príomhoide Ionaid (Ar Bhonn Pearsanta) / Leas-Phríomhoide (Ar Bhonn Pearsanta), ar choinníoll go mbeidh an ráta liúntais a bheidh iníoctha leis an sealbhóir poist ar bhonn pearsanta cothrom leis an liúntas a bheidh dlite don Phríomhoide Cúnta nó níos airde,
- Príomhoide Cúnta (Ar Bhonn Pearsanta) / Grád A (Ar Bhonn Pearsanta).

#### **Múinteoir Dualgas Speisialta**

(d) Cuirfidh aon cheann de na sealbhóirí post seo a leanas ar bhonn pearsanta cosc ar líonadh post Múinteoir Dualgas Speisialta:

- Príomhoide Ionaid (Ar Bhonn Pearsanta) / Leas-Phríomhoide (Ar Bhonn Pearsanta),
- Príomhoide Cúnta (Ar Bhonn Pearsanta) / Grád A (Ar Bhonn Pearsanta),
- Dualgais Speisialta (Ar Bhonn Pearsanta) / Grád B (Ar Bhonn Pearsanta).
- Cúntóir Pribhléide (féach Roinn 12 agus 19)

Cuirfear na forálacha ag (b), (c) agus (d) ar leataobh má athimlonnaíodh an sealbhóir poist ar bhonn pearsanta sa scoil sa tréimhse cúig bliana sular tháinig an post chun cinn.

#### **14. POIST FHREAGRACHTA AGUS POIST OIDEACHAIS SPEISIALTA** **[Féach freisin 8(c)]**

##### **(a) Poist Oideachais Speisialta**

Leithroinntear poist oideachais speisialta ar scoil le freastal go sonrach ar dhaltáí le riachtanais speisialta. Is poist eis-chuóta a bhíonn sna poist seo tríd is tríd agus dá bhrí sin ní chinntear iad trí thagairt do rollú na scoile. Áirítear iad seo a leanas orthu:

- Poist teagaisc tacaíochta foghlama,
- Poist Acmhainní,
- Poist do Chomhordaitheoir baile is scoile,
- Poist sannta faoin scéim Leanúnachas an Mhíbhuntáiste a Mhaolú agus faoin Scéim Ag Tabhairt Cothroime do Leanaí, lena n-áirítear comhordaitheoirí atá ceaptha faoin scéim seo,
- Poist do mhúinteoirí tacaíochta,
- Múinteoirí do ranganna speisialta e.g. poist atá sannta go sonrach do dhaltáí le riachtanais speisialta,
- Poist Tús Luath,
- Múinteoirí acmhainní don lucht siúil.
- Múinteoirí Tacaíochta Teanga

Ní chlúdaítear poist lamháltais atá sannta faoin scéim Ceantair faoi Mhíbhuntáiste laistigh de na téarmaí sa Roinn seo cé go luíonn siad laistigh den tuairisc ghinearálta ar phoist oideachais speisialta.

##### **(b) Poist Phríomhoidí agus Poist Oideachais Speisialta**

De bhrí go n-aithnítear go forleathan go bhfuil ról tábhachtach ag an bPríomhoide ó thaobh bainistíocht iomlán scoile, ní thabharfaidh Príomhoide faoi na dualgais a bhaineann le haon chineál post oideachais speisialta.

##### **(c) Príomhoide Ionaid/ Leas-Phríomhoide**

Ní shannfar Príomhoide Ionaid/Leas-Phríomhoide chuig aon chineál post oideachais speisialta **roinnte**. Féadfaidh sé/sí áfach a liúntas post freagrachta a ghéilleadh go sealadach agus féadfar sealbhóir poist gníomhach a cheapadh de réir 15(c) thíos.

Ní fhéadfaidh Príomhoide Ionaid / Leas-Phríomhoide gníomhú mar Chomhordaitheoir Caidrimh idir Teaghlach agus Scoil cibé an post roinnte a bheidh i gceist nó nach ea. Féadfaidh sé/sí áfach a liúntas post freagrachta a ghéilleadh agus féadfar sealbhóir poist gníomhach a cheapadh de réir 15(c) thíos.

Chomh maith leis sin agus iad ag leithroinnt poist oideachais speisialta **neamhchomhroinnte** meabhraítear do Bhoird go mbeadh ar Phríomhoide Ionaid/ Leas-Phríomhoide gníomhú do Phríomhoide agus mar sin am teagaisc do dhaltáí le



riachtanais speisialta a laghdú. Dá réir sin, molann an Roinn go láidir do Bhord Bainistíochta é sin a ghlacadh san áireamh agus iad ag sannadh múinteoirí chuig poist oideachais speisialta.

Mar gheall go bhféadfadh ceapachán Príomhoide Ionaid/ Leas-Phríomhoide chuig post oideachais speisialta, gearradh siar ar an am teagaisc, d'fhéadfadh an Roinn a éileamh go ndéanfaí leithroinnt ar phoist oideachais speisialta.

#### **(d) Príomhoide Cúnta/Grád A, Múinteoir Dualgas Speisialta/Grád B**

D'fhéadfaí aon chatagóir post oideachais speisialta a shannadh ar shealbhóir poist Príomhoide Cúnta/Grád A agus ar shealbhóir poist Múinteoir Dualgas Speisialta/Grád B cibé roinnte nó eile. Sula ndéantar ceapacháin den sórt sin áfach ní mór go mbeadh Bord Bainistíochta sásta gur féidir chomh maith le tabhairt faoin bpost oideachais speisialta, gur féidir dualgais an phoist freagrachta a chomhlíonadh go hinniúil agus go héifeachtúil.

#### **(e) Ag Géilleadh Liúntais an Phoist Fhreagrachta**

**Géillfidh** múinteoir a cheapfar chuig post oideachais speisialta, agus a bhfuil post freagrachta aige/aici agus a gcinneann a B(h)ord Bainistíochta nach féidir dualgais an phoist fhreagrachta a chomhlíonadh go cuí nó go hinniúil le linn dó/di an post oideachais speisialta a bheith aige/aici **a liúntas post freagrachta**. Féadfar an liúntas a ghéilleadh don tréimhse a mbeidh an post oideachais speisialta ag an múinteoir. Féadfar sealbhóir poist gníomhach a cheapadh de réir fhorálacha Roinn 15 den Chiorclán seo.

### **15. POIST FHREAGRACHTA GHNÍOMHACHA**

#### **Ceapachán Sealbhóirí Post Gníomhacha**

Ceaptar sealbhóir poist gníomhach chuig post an Phríomhoide Ionaid, Príomhoide Cúnta nó Múinteoir Dualgas Speisialta:

- nuair a bheidh an sealbhóir poist buan as láthair ar shaoire neamhláithreachta cheadaithe nó ar shocrú roinnte idirscoileanna ar feadh ar a laghad aon mhí féilire amháin as a chéile ar choinníoll go bhfuil an post freagrachta fós ag teastáil.
- sa chás go ngéilleann sealbhóir poist oideachais speisialta a liúntas post freagrachta go sealadach ar choinníoll go bhfuil an post freagrachta fós ag teastáil.

#### **(a) Ag Cinneadh go bhfuil Post Gníomhach ag Teastáil**

Sula gceaptar múinteoir chuig post freagrachta gníomhach, ach amháin chuig post Príomhoide, ní mór don Bhord Bainistíochta a chinntiú go bhfuil an ceapachán gníomhach ag teastáil.

Beidh post gníomhach ag teastáil nuair a chomhlíontar go hiomlán téarmaí Roinn 6 agus 13 den Chiorclán seo. Más gá éilítear ar Bhord soiléireacht a fháil faoin gceist seo ó

Rannóg Íocaíochtaí Bunoidreachais na Roinne sula dtéitear ar aghaidh le ceapachán gníomhach.

### **(b) Dualgais Shealbhóir Poist Gníomhach**

Éilítear ar mhúinteoir a cheaptar chuig post gníomhach tabhairt faoi dhualgais a bheidh cuí don phost.

### **(c) Ceapacháin Ghníomhacha – Gearrthéarmach / Fadtéarmach**

Tá sé riachtanach idirdhealú a dhéanamh idir ceapacháin ghníomhacha atá gearrthéarmach ó thaobh faid agus iad siúd atá fadtéarmach ó thaobh faid.

Íocfaidh an Roinn liúntas gníomhach nuair a bheidh socrú gníomhach i bhfeidhm ar feadh ar a laghad mí féilire amháin as a chéile e.g. ón 13 Meán Fómhair 2000 – 12 Deireadh Fómhair 2000 an dá cheann san áireamh.

### **1. Ceapacháin Ghearrthéarmacha**

Baineann ceapacháin ghníomhacha ghearrthéarmacha le neamhláithreachtaí is lú ná scoilbhliain amháin i.e. tosú le linn na scoilbhliana agus gan é leathnú thar dheireadh na scoilbhliana.

Éilítear go líonfaí ceapacháin ghníomhacha ghearrthéarmacha tríd an chéad sealbhóir poist eile is sinsearaí agus is oiriúnaí sa scoil a chur chun cinn mar atá i (i) go dtí (iv) thíos.

Sa chás nach mbeidh aon sealbhóir(i) poist eile ar fhoireann scoile, ba chóir post gníomhach a líonadh tríd an múinteoir is sinsearaí agus is oiriúnaí a chur chun cinn.

#### **(i) *Príomhoide Gníomhach***

I scoileanna ina mbíonn 3 múinteoirí nó níos mó ba chóir ardú céime a thabhairt do Phríomhoide Ionaid nó Leas-Phríomhoide le post Príomhoide gníomhach a líonadh nuair a bheidh an Príomhoide as láthair mar gheall ar thinneas nó aon chás eile. Sa chás go ndiúltaíonn an Príomhoide Ionaid post an Phríomhoide Ghníomhaigh a ghlacadh stopfar ag íoc liúntas an Phríomhoide Ionaid leis/léi fad is a mhairfidh an post gníomhach. I scoileanna beirt mhúinteoirí ba chóir don mhúinteoir ranga príomhshrutha tabhairt faoi dhualgais an Phríomhoide le linn aon tréimhse a mbeidh sé/sí as láthair ón scoil. Sa chás nach mbeidh an múinteoir ranga príomhshrutha ag iarraidh tabhairt faoi dhualgais an Phríomhoide tarraingeofar siar a liúntas. I scoileanna le múinteoir amháin féadfar liúntas gníomhach a íoc leis an múinteoir athsholáthair.

#### **(ii) *Príomhoide Ionaid Gníomhach***

Ba chóir ardú céime a thabhairt don Phríomhoide Cúnta is sinsearaí agus is oiriúnaí nó don sealbhóir poist Grád A le post an Phríomhoide Ionaid gníomhach a líonadh. I scoileanna nach bhfuil Príomhoide Cúnta/sealbhóir poist Grád A iontu féadfar an

Múinteoir Dualgas speisialta is sinsearaí agus is oiriúnaí nó sealbhóir poist Grád B a cheapadh mar Phríomhoide Ionaid gníomhach.

**(iii) Príomhoide Cúnta Gníomhach**

Ba chóir ardú céime a thabhairt don Mhúinteoir Dualgas Speisialta nó don sealbhóir poist Grád B is sinsearaí agus is oiriúnaí le post an Phríomhoide Cúnta gníomhach a líonadh.

**Ciorclán 07/03**

**(iv) Múinteoir Dualgas Speisialta Gníomhach**

Ba chóir post le haghaidh Múinteoir Dualgas Speisialta gníomhach a líonadh trí ardú céime a thabhairt don mhúinteoir is sinsearaí agus is oiriúnaí nach bhfuil ardú céime faighte aige nó aici laistigh d'fhoireann scoile.

**2. Ceapacháin Ghníomhacha Fhadthéarmacha**

Síneann ceapacháin ghníomhacha fhadthéarmacha ar feadh tréimhse scoilbhliana amháin. Féadfar ceapacháin ghníomhacha fhadthéarmacha a líonadh ar dhá bhealach:

(i) Féadfar ceapacháin ghníomhacha fhadthéarmacha do Phríomhoidí, Príomhoidí Ionaid agus do Phríomhoidí Cúnta a líonadh mar atá léirithe i 1(i) go dtí 1(iv) thuas i.e. ardú céime a thabhairt don chéad sealbhóir poist eile is sinsearaí agus is oiriúnaí.

Ba chóir an post gníomhach is sóisearaí/tábhachtaí a thagann chun cinn, más ann, a líonadh trí chomórtas oscailte ó laistigh d'fhoireann na scoile. Déantar cur síos ar na nósanna imeachta a bhaineann le comórtas oscailte i Ranna 7 go dtí 10 den Chiorclán seo.

(ii) Mar mhalairt ar na nósanna imeachta le ceapacháin ghníomhacha a dhéanamh mar atá i 1(i) go dtí 1(iv) thuas, féadfaidh Bord Bainistíochta post gníomhach fadthéarmach a líonadh trí chomórtas oscailte ó laistigh d'fhoireann scoile de réir Fhoroinn 15(d) thíos.

(iii) Sa chás go leantar na nósanna imeachta i 2(i) agus 2(ii) thuas agus nach mbeidh aon mhúinteoir toilteanach tabhairt faoi dhualgais an Phríomhoide, beidh cead ag an mBord Bainistíochta post an Phríomhoide Ghníomhaigh a fhógairt. Mura ndéanfaidh aon iarrthóir oiriúnach iarratas ar an bpost áfach beidh sé de dhualgas ar an bPríomhoide Ionaid gníomhú don Phríomhoide. Sa chás go ndiúltóidh an Príomhoide Ionaid post an Phríomhoide Chúnta a ghlacadh stopfar ag íoc a liúntas Príomhoide Ionaid fad is a mhaireann an post gníomhach.

**(d)** Tá cuntas ar na nósanna imeachta a bheidh le leanúint agus ceapacháin ghníomhacha á ndéanamh trí chomórtas oscailte i Ranna 7 go dtí 10 den Chiorclán seo. Tá na nósanna imeachta seo mionathraithe a mhéid is go gcuirtear deireadh leis an riachtanas atá ann measúnóir neamhspleách a bheith ar an mBord Roghnúcháin do cheapacháin ghníomhacha.

**(e) Ag Cloí leis na Socruithe:**

Is cuma cad é an rogha a roghnaíonn Bord chun ceapacháin ghníomhacha a dhéanamh (i.e. ardú céime bunaithe ar oiriúnacht/sinsearachta nó trí chomórtas oscailte); ní mór don Bhord cloí lena rogha roghnaithe ar feadh na scoilbhliana ar fad.

**(f) Ceisteanna Ginearálta:**

(1) Féadfaidh ceapacháin ghníomhacha fadthéarmacha atá ag teastáil agus atá chun leanúint go dtí an dara scoilbhliain nó níos faide leanúint ar aghaidh gan cur isteach orthu. Ní mór áfach fógra maidir le leanúint ar aghaidh leis an gceapachán a chur isteach chuig an Roinn.

(2) Le héifeacht ón 1 Bealtaine 1999 sa chás go sealbhófar post Príomhoide ghníomhaigh, Príomhoide Ionaid gníomhach, Príomhoide Chúnata ghníomhaigh nó Múinteoir Dualgas Speisialta gníomhach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana as a chéile, coinneofar an liúntas gníomhú suas ar bhonn pearsanta. Ní áireofar ceapachán gníomhach sos gairme 5 bliana leis sin. Má leanann an socrú gníomhach ar feadh tréimhse níos faide ná cúig bliana caithfidh an sealbhóir poist gníomhach a choinníonn an liúntas ar bhonn pearsanta leanúint ag comhlíonadh dhualgais an phoist fhreagrachta gníomhach go dtí go dtagann an sealbhóir poist féin ar ais. Ní bheidh an sealbhóir poist gníomhach incháilithe an liúntas a choinneáil má ghéilleann sé/sí an post gníomhach go deonach.

**16. ÍOCAÍOCHT LIÚNTAS POIST FREAGRACHTA GHNÍOMHAIGH**

(a) Féadfar an liúntas cuí a íoc le múinteoir a chomhlíonfaidh dualgais Phríomhoide, Príomhoide Ionaid, Príomhoide Chúnata nó Múinteoir Dualgas Speisialta, fad is a bheidh an sealbhóir poist féin as láthair ar shaoire neamhláithreachta cheadaithe íochta nó neamhíochta **ar feadh ar a laghad tréimhse d'aon mhí féilire amháin as a chéile** faoi réir na gcoinníollacha ag (b) go dtí (d) thíos.

(b) Beidh íocaíocht an liúntais faoi réir dheimhniú an Bhoird Bainistíochta gur chomhlánaigh an múinteoir dualgais an phoist ar feadh ar a laghad tréimhse aon mhí amháin as a chéile le linn don sealbhóir poist é féin a bheith ar shaoire neamhláithreachta cheadaithe íochta nó neamhíochta.

(c) Déanfar íocaíocht go siarghabhálach i ndiaidh do na dualgais a bheith comhlíonta ar feadh míosa agus gach coicíse ina dhiaidh sin i gcás gach post gníomhaithe. Baineann eisceacht leis sin i gcás ceapachán gníomhach in áit múinteora ar **shaoire bhreuiteachta** – sa chás sin íocfar an liúntas ag deireadh na céad míosa neamhláithreachta agus ina dhiaidh sin ar bhonn coicíse ar choinníoll go mbeidh teastas liachta neamhláithreachta don tréimhse íocaíochta faighte ón sealbhóir poist iarbhir.

(d) Sa chás go mbeidh an sealbhóir poist féin as láthair ar shaoire íochta nó neamhíochta go dtí an dáta a dtosaíonn tréimhse saoire ní fhéadfar liúntas gníomhach a íoc le linn na tréimhse saoire fiú amháin má dheimhníonn an Bord Bainistíochta gur comhlánaíodh na dualgais ghníomhacha. Sa chás go mbeidh sealbhóir poist iarbhir as láthair ar shaoire íochta nó neamhíochta a ghabhann in éag le linn na tréimhse saoire, agus go ndeimhníonn an Bord Bainistíochta gur comhlánaíodh na dualgais ghníomhacha suas go dtí an dáta éaga, ní fhéadfar an liúntas gníomhú suas a íoc ach

suas go dtí an dáta éaga agus sin amháin. Sa chás go mbeidh an sealbhóir poist iarbhír as láthair ar shaoire íoctha nó neamhíoctha ar feadh tréimhse a n-áirítear saoire an tsamhraidh inti, féadfar an liúntas gníomhach a íoc maidir le saoire an tsamhraidh faoi réir dhualgais shonraithe a ghlacadh agus an sealbhóir poist ag cur na ndualgas sin i bhfeidhm roimh shaoire an tsamhraidh, lena linn, agus i ndiaidh shaoire an tsamhraidh.

(e) Sa chás go gceaptar múinteoir ar dtús mar Phríomhoide gníomhach nó mar Phríomhoide Ionaid, ní chiallaíonn titim uimhreacha foirne le linn an tsannta (i.e. níos mó ná bliain amháin) go laghdófar an liúntas gníomhach. Má athraíonn an sealbhóir poist áfach le linn an tsannta chéanna agus má thiteann na huimhreacha le linn an ama sin, íoctar an liúntas leis an sealbhóir poist nua bunaithe ar an bhfoireann laghdaithe.

(f) Déileáiltear le híocaíocht an liúntais phost freagrachta le múinteoir a thagann in áit múinteoir eile atá ar shaoire íoctha/neamhíoctha sa Leabhrán ar Shaoire Máithreachais/Uchtaíoch/Tuismitheoirí agus Athartha.

#### **Ciorclán 07/03**

(g) Chomh luath agus a dhéantar ceapacháin chun poist fhreagracht gníomhacha ba chóir go gcuirfeadh Bord Bainistíochta fógra chuig an Roinn ag baint úsáide as an bhfoirm POR1 Leasaithe ionas gur féidir leis an múinteoir liúntas an phoist fhreagrachta a fháil. Tá an fhoirm seo ar fáil arna héileamh ó Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais na Roinne i mBaile Átha Luain nó ó láithreán gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

### **17. SEALBHÓIRÍ POST FREAGRACHTA NÁR AONTAIGH TABHAIRT FAOI DHUALGAIS ATHBHREITHNITHE**

(a) Ní cháileoidh sealbhóirí post freagrachta atá ann cheana féin agus a ceapadh roimh 1 Meán Fómhair 1998 agus nach n-aontaíonn tabhairt faoi dhualgais athbhreithnithe faoi Chomhaontú PCW, a ghabhann lena bpoist d'arduithe ina gcuid liúntas trí thagairt a dhéanamh d'arduithe pá ginearálta agus sin amháin agus a mhéid is a bhaineann na harduithe pá seo go sonrach le liúntais agus sin amháin i.e. ní ardófar a liúntas post freagrachta fiú amháin má ardaíonn méid na scoile.

(b) Féadfaidh sealbhóir poist fhreagrachta a roghnaigh i dtús báire gan dualgais athbhreithnithe a chomhlíonadh a roghnú sin a dhéanamh ag tráth níos déanaí trí scríobh chuig a B(h)ord Bainistíochta roimh 30 Aibreán i scoilbhliain ag lua gur mian leis/léi dualgais athbhreithnithe a chomhlíonadh ón 1 Meán Fómhair sa scoilbhliain ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Bord Bainistíochta na socruithe riachtanacha i bhfeidhm le dualgais athbhreithnithe a shannadh ar an múinteoir de réir Ranna 4 agus 5.

(c) Beidh ar Bhord Bainistíochta a chur in iúl don Roinn i scríbhinn roimh 31 Bealtaine i scoilbhliain go bhfuil an rogha dá dtagraítear ag alt (b) feidhmithe ag múinteoir. Ón 1 Meán Fómhair i scoilbhliain ina dhiaidh sin déanfar tuarastal an mhúinteora a choigeartú leis an liúntas ardaithe a léiriú.

(d) Agus é feidhmithe, ní féidir an rogha dá dtagraítear in alt (b) thuas a tharraingt siar.

### **18. NÓS IMEACHTA ACHOMHARC**

Soláthraíonn an Nós Imeachta Achomharc fóram baile agus neamhspleách i.e. Bord Eadrána chun déileáil le hachomharc ar bhealach cothrom agus réasúnach. Níl sé i gceist go mbeadh uiríolla dlí ann. Déanfaidh an Bord Eadrána breithiúnas faoin Achomharc agus cinnfidh sé ar comhlíonadh nósanna imeachta cearta. Ní dhéanfaidh an Bord Eadrána breithiúnas maidir leis an iarrthóir ab oiriúnaí agus níl sé i gceist go bhfeidhmeodh an Bord Eadrána in áit an Bhoird Roghnúcháin.

Beidh múinteoir atá ag smaoineamh achomharc a dhéanamh i dteideal ar dtús scríobh chuig an mBord Bainistíochta ag lua a forais/fhorais leis an Achomharc a dhéanamh agus beidh sé/sí i dteideal freagra scríofa a fháil ó Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta maidir leis an pointí a hardaíodh. Beidh sé i gceist go ndéanfaidh an chéad fhreagra seo ón mBord Bainistíochta soiléiriú ar go leor pointí don mhúinteoir agus d'fhéadfadh deireadh a bheith leis an ngá dul ar aghaidh chuig éisteacht Achomhairc.

Chomh maith leis sin agus rud a tharlaíonn go ginearálta ná sa chás go mbeidh roinnt post le líonadh ag scoil agus nach ndéanfar achomharc ach i gcás ceann amháin de na poist, ní bheidh tionchar ag an achomharc ar na poist eile nach bhfuil ina n-ábhair achomharc.

#### **(a) Ag Cur Tús leis an bPróiseas Achomhairc**

**(1)** Sa chás go mbeidh iarratasóir nár éirigh leis/léi ag iarraidh dul ar aghaidh le hachomharc, scríobhfaidh an múinteoir ar dtús agus laistigh den am atá sonraithe, chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ag rá go bhfuil achomharc á dhéanamh faoin gceapachán atá molta. Ba chóir go mbeadh forais achomhairc luaite chomh maith sa litir sin agus measfar í mar an litir achomhairc.

**(2)** Tríd is tríd ach ní i ngach cás, bíonn na forais achomhairc sna catagóirí seo a leanas:

- líomhaintí go sáraíodh nós imeachta;
- líomhaintí maidir le neamhsheasmhacht agus easpa cothroime i bhfeidhmiú na gcritéar i gcás roghnúcháin chuig an bpost;
- líomhaintí maidir le heaspa comhchomhairle agus comhaontaithe ceart maidir le leithroinnt na ndualgas i gcás an phoist fholaimh.

**(3)** Agus an litir achomhairc faighte aige/aici cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta freagra i scríbhinn le post cláraithe chuig an achomharcóir laistigh de 10 lá scoile ón dáta a bhfaighidh sé/sí an litir achomhairc. Ar mhaithe leis an gceist a réiteach chomh luath agus is féidir ba chóir d'fhreagra an Chathaoirligh aghaidh chuí a thabhairt ar na pointí a rinne an t-achomharcóir.

**(4)** Agus freagra Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta faighte ag an achomharcóir, cinnfidh sé/sí an leanfaidh sé/sí ar aghaidh leis an achomharc. Sa chás go gcinneadh an múinteoir dul ar aghaidh leis an achomharc cuirfidh sé/sí Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ar an eolas dá réir, i scríbhinn, laistigh de 5 lá scoile ó dháta fhreagra an Chathaoirligh.

**(5)** Cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta an t-iarrthóir ar ar a sannadh an post freagrachta go sealadach ar an eolas go bhfuil achomharc taiscthe.

**(6)** Féadfaidh iarrthóir a chreideann go bhfuil idirdhealú á dhéanamh ina choinne/coinne contrártha don Acht um Chomhionannas Fostaíochta éileamh a phróiseáil de réir fhorálacha na reachtaíochta.

### **(b) An tAchomharc a Éisteacht**

**(1)** Tar éis do na céimeanna a bhfuil cuntas orthu thuas i Roinn 18(a) thuas a bheith tugtha chun críche agus sa chás go mbeidh fógra faighte ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta i scríbhinn ón múinteoir gur mian leis/léi dul ar aghaidh, ba chóir do Bhord Bainistíochta na scoile, laistigh de 5 lá scoile, dul i dteagmháil le hionadaí an Phatrúin agus le hionadaí Chumann Múinteoirí Éireann CEC don Cheantar, le Bord Eadrána a cheapadh trí chomhaontú, ón bPainéal Réigiúnach cuí, leis an achomharc a éisteacht.

**(2)** Roghnófar an Bord Eadrána ón bPainéal Réigiúnach agus beidh triúr daoine ar an mBord mar seo a leanas:

- ionadaí ón mBainistíocht, thar ceann an Phatrúin;
- ionadaí ó Chumann Múinteoirí Éireann;
- Cathaoirleach neamhspleách comhaontaithe.

**(3)** Agus Cathaoirleach an Bhoird Eadrána ceaptha, cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, laistigh de 5 lá scoile, trí chóip de mhionsonraí an cheapacháin agus gach doiciméadú ar fáil dó/di, lena n-áirítear an litir achomhairc, freagra Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus ar bhonn rúnda, bileoga marcála/taifid an Bhoird Roghnúcháin.

**(4)** Beidh sé de chumhacht ag an mBord Eadrána glaoch ar fhinnéithe áit a mbreithneofar sin riachtanach.

**(5)** Socróidh an Bord Eadrána éisteacht gan mhoill agus tabharfaidh cuireadh don achomharcóir, na Freagróirí, i.e. an Bord Bainistíochta/ nó ionadaithe cuí, agus finnéithe más ann, freastal ar an éisteacht. Reachtálfaidh an Bord Eadrána an éisteacht agus cinnteoidh go mbeidh feidhm le gnáthrialacha nósanna imeachta próisis chuí agus chothrom, lena n-áirítear:

- tabharfar cóip de gach doiciméadú (ní áireofar na bileoga marcála a bheidh ar fáil don Bhord Eadrána ar bhonn rúnda amháin), lena n-áirítear litir achomhairc, ráiteas foras, freagra Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, agus aon aighneachtaí breise do gach páirtí roimh an éisteacht. Ní ghlacfar le haon dhoiciméadú breise ag an éisteacht;

- déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Eadrána soiléir do gach páirtí i.e. an tAchoimharcóir agus an freagróir, na nósanna imeachta atá i gceist aige/aici a leanúint ag an éisteacht;
- tabharfar cuireadh do gach páirtí chuig éisteacht agus tabharfar fógra réasúnach dóibh maidir le héisteacht an Bhoird Eadrána. Agus fógra á thabhairt do pháirtithe an Achomhairc maidir le dáta na héisteachta(na n-éisteachtaí), ba chóir a chur in iúl do na páirtithe lena mbaineann sa chás go dteipfidh orthu freastal, gan chúis réasúnach, gur féidir leis an mBord Eadrána leanúint ar aghaidh agus an chás a chinneadh má bhreithnítear sin cúí;
- beidh an t-achomharcóir i dteideal duine dá rogha féin a bheith á t(h)ionlacan agus cúnaimh a thabhairt dó/di;
- tabharfar deis do gach páirtí a gcás a chur i láthair chuig an mBord Eadrána.
- beidh deis ag an dá pháirtí, i.e. an tAchoimharcóir agus an Freagróir a bheith i láthair lena chloisteáil, iad féin, cad a bheidh le rá ag gach páirtí, chomh maith le finnétithe nuair is cúí;
- tabharfar deis do gach páirtí ceist a chur ar an bpáirtí eile nó freagra a thabhairt air/uirthi trí Chathaoirleach an Bhoird Eadrána;
- beidh an Bord Eadrána é féin i dteideal ceist a chur ar gach páirtí nó féachaint le tuilleadh eolais a fháil;
- cuirfear gach doiciméadú a thabharfaidh an tAchoimharcóir don Bhord Eadrána ar fáil don Bhord Bainistíochta;
- tabharfaidh an Bord Eadrána deis do gach páirtí nuair is cúí tuilleadh eolais a sholáthar ar an tuiscint shoiléir go mbeidh deis ag an bpáirtí eile freagra a thabhairt ar an eolas sin;
- comhaontóidh an Bord Eadrána nuair is cúí le hatráth.

**(6)** Breithneofar an Bord Eadrána ina fhóram baile agus dá réir sin ní bheidh sé i gceist ag an mBainistíocht ná ag Cumann Múinteoirí Éireann go mbeadh uiríolla dlí ag aon éisteacht a eagróidh an Bord Eadrána.

### **(b) Cinntí an Bhoird Eadrána**

**(1)** Agus éisteacht tugtha do na páirtithe ar fad rachaidh an Bord Eadrána ar leataobh le cinneadh a dhéanamh. Sa chás go ndiúltófar an t-achomharc ní dhéanfaidh cinneadh an Bhoird Eadrána ach a thaifeadadh go bhfuil an t-achomharc diúltaithe. Sa chás go seastar le hachomharc déanfaidh cinneadh an Bhoird Eadrána a thaifeadadh go bhfuiltear ag seasamh leis an achomharc agus ag glacadh forais an achomhairc san áireamh, cuirfidh an Bord Eadrána in iúl don Bhord Bainistíochta gur chóir an próiseas ceapacháin a atosú ag (a) an gcéim chomhairleoireachta/leithroinnte dualgas tosaigh,



nó (b) ag an gcéim fógraíochta nó (c) ag an gcéim agallaimh. Ní choinneofar aon taifead scríofa nó miontuairisicí eile d'imeachtaí an Bhoird Eadrána.

**(2)** Cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Eadrána fógra i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus chuig an t-achomharcóir maidir le toradh an achomhairc. Cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta fógra faoin toradh ansin chuig an duine a cheapfar go sealadach.

**(3)** Beidh cinneadh an Bhoird Eadrána críochnaitheach agus ceangailteach maidir leis na páirtithe lena mbaineann.

**(4)** Má dhiúltaítear an t-achomharc deimhneoidh an Bord Bainistíochta ceapachán an chéad iarrthóra ar éirigh leis/léi agus cuirfidh fógra chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta dá réir ag an dáta is luaithe gur féidir sin a dhéanamh.

**(5)** Sa chás go seasfar le hachomharc agus go mbeidh ar an mBord Bainistíochta an dara Bord Roghnúcháin a bhunú, ansin beidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, an Príomhoide agus beirt mheasúnóirí neamhspleácha, nach raibh aon bhaint ag aon duine acu leis an gcéad roghnúchán, ar an dara Bord Roghnúcháin. Roghnófar an bheirt mheasúnóirí neamhspleácha ó na painéil measúnóirí a bheidh comhaontaithe. Sa chás go mbeidh vóta cothrom i gceist beidh an dara vóta nó an vóta réitigh ag an gCathaoirleach.

**(6)** Níl sé i gceist ag an Údarás Bainistíochta ná ag Cumann Múinteoirí Éireann go gcuirfeadh an múinteoir céanna an dara achomharc isteach, mar gheall ar líonadh post amháin. Glacann na páirtithe leis áfach in imthosca eisceachtúla áirithe, sa chás mar shampla, go mbeadh forais nua achomhairc ann agus/nó go ndéanfaí sárú suntasach ar nós imeachta, go bhféadfadh a leithéid de chás teacht chun cinn. Dá réir sin, má thagann na imthosca sin chun cinn, i ndiaidh an phróisis ceapacháin a bheith tugtha chun críche don dara huair, ansin ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ar dtús, an dara litir achomhairc lena n-áirítear na forais le haghaidh achomhairc, a chur ar aghaidh chomh maith le ráiteas faoin gceist ón mBord Bainistíochta, chuig príomhoifig an Údaráis Bhainistíochta agus Cumann Múinteoirí Éireann lena bhreithniú an gceadófar an dara achomharc.

**Ciorclán 07/03**

**(7)** Roinnfear costais a thabhoíd an Bord Eadrána idir na páirtithe, i.e. An Bhainistíocht agus Cumann Múinteoirí Éireann.

## **19. CÓNASC**

Beidh na rialacháin seo a leanas i bhfeidhm i gcás scoileanna a cónascadh le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2002.

(a) Ní bheidh aon bhlocáil ar phoist fhreagrachta i scoileanna ina mbeidh suas le 5 iar Phríomhoide (i.e. Cúntóirí Pribhléide)/ Príomhoidí Ionaid/Leas-Phríomhoidí. Déanfar blocáil ar phost amháin sa chás go mbeidh 6 iar-Phríomhoide/Príomhoidí Ionaid/Leas-Phríomhoidí i gceist agus déanfar blocáil ar dhá phost sa chás go mbeidh 7 nó níos ná 7 iar -Phríomhoide/ bPríomhoide Ionaid/ Leas-Phríomhoide i gceist.

(b) Sa chás go mbeidh barraíocht sealbhóirí post i gcás Phríomhoidí Cúnta (Ar Bhonn Pearsanta) agus Mhúinteoirí Dualgas Speisialta (Ar Bhonn Pearsanta) i scoileanna tar éis cónasctha coinneofar an líon sin mar an íoslíon post ar feadh tréimhse 5 bliana i ndiaidh cónasctha. Tar éis cúig bliana cinnfidh sceideal na bpost teidlíocht na scoile chuig poist fhreagrachta mar atá léirithe in Aguisín B, agus féadfaidh sealbhóirí post ar bhonn pearsanta cosc a chur ar líonadh phoist fhreagrachta.

(c) Roimh an 1 Meán Fómhair 2002 choinnigh múinteoir Cúnta Pribhléide an leibhéal Liúntais Príomhoide a bhí cuí dá (h)iar-scoil ar feadh an chuid eile dá s(h)aol teagaisc ar choinníoll nár ghlac sé/sí le post lena raibh liúntas níos airde ag gabháil. Le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2002 áfach beidh cead ag an gCúntóir Pribhléide an liúntas a choinneáil i gcás athrú deonach amháin a tharlaíonn an dáta sin amháin nó dá éis (Ní chuirfidh Cúntóir Pribhléide cosc ar líonadh phoist fhreagrachta sa scoil a rachaidh sé/sí chuici go deonach, ar choinníoll go dtarlóidh an t-athrú sin an 1 Meán Fómhair 2002 nó dá éis). Beidh ar Chúntóir Pribhléide tabhairt faoi dhualgais phost freagrachta. Ba chóir go mbeadh dualgais den sórt sin ag teacht tríd is tríd le dualgais a shanntar ar mhúinteoirí Dualgas Speisialta.

(d) Ba chóir don scoil cónasctha fógra a chur chuig Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais na Roinne maidir leis an sealbhóirí poist fhreagrachta iarbhír sa scoil cónasctha trí leas a bhaint as an bhFoirm POR1 Leasaithe.

## **20. LIÚNTAS DON MHÚINTEOIR RANGA PRÍOMHSHRUTHA I SCOIL BEIRT MHÚINTEOIRÍ**

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2002 féadfar liúntas múinteoir Dualgas Speisialta a íoc le múinteoir ranga príomhshrutha i scoil bheirt mhúinteoirí a chomhlíonann na dualgais shonraithe mar a chinneann Bord Bainistíochta na scoile faoi réir na gcoinníollacha ag (a) agus (b) thíos.

(a) Beidh íocaíocht an liúntais faoi réir an Bhoird Bainistíochta na dualgais a bheidh le comhlíonadh a chomhaontú leis an múinteoir agus na dualgais a shonrú i scríbhinn. Ba chóir cóip de na dualgais a choinneáil sa scoil.

(b) Beidh íocaíocht chomh maith leis sin faoi réir an mhúinteora a bheidh ag comhlíonadh dualgais an phoist go sásúil. Sainmhínítear scoil bheirt mhúinteoirí, i gcás íocaíocht an liúntais, mar scoil le Príomhoide agus múinteoir ranga amháin príomhshrutha (ní shainmhínítear scoil le Príomhoide agus post eis-chuóta amháin mar scoil bheirt mhúinteoirí chun críocha an chiorcláin seo). Beidh liúntas do Phríomhoide gníomhach i scoil bheirt mhúinteoirí iníoctha sa chás go ngníomhóidh an múinteoir ranga príomhshrutha do Phríomhoide a bheidh as láthair ar shaoire cheadaithe ar feadh tréimhse ocht seachtain déag nó níos mó. Ní bheidh aon liúntas gníomhú suas iníoctha le tréimhsí suas go dtí ocht seachtaine déag ar fhad a chlúdach. Is é an Bord Bainistíochta a thabharfaidh sainmhíniú ar dhualgais an phoist agus a chinnfidh na dualgais. Ba chóir a thabhairt ar aird áfach nach mór tabhairt faoi dhá dhualgas shainiúla le go mbeidh an liúntas iníoctha:

- tabhairt faoi dhualgais an Phríomhoide le linn aon tréimhse a mbeidh sé/sí as láthair ón scoil. Sa chás nach mbeidh múinteoir ranga príomhshrutha sásta tabhairt faoi dhualgais an Phríomhoide tarraingeofar siar a liúntas.

- tabhairt faoi na dualgais maoirseachta breise, thar agus os cionn iad siúd a sholáthraítear faoin Scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta, ar ceanglais riachtanacha iad do scoileanna beirt mhúinteoirí mar a shonraíonn an Bord Bainistíochta. Sa chás go n-éiríonn an dara múinteoir as nó go dtéann sé/sí amach ar scor etc ba chóir don Bhord Bainistíochta fógra a chur chuig an Roinn maidir le múinteoir athsholáthair maidir leis an liúntas gníomhú suas trí leas a bhaint as an bhFoirm POR1 Leasaithe. Tá an fhoirm seo ar fáil arna héileamh ó Rannóg Íocaíochta Bunoidreachais na Roinne nó ar láithreán gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie) Sa chás go mbeidh triúr múinteoirí i scoil bheirt mhúinteoirí, beidh an dara múinteoir a bhí ag fáil an liúntais ina Phríomhoide Ionaid go huathoibríoch.

**Ciorclán 07/03**

**AGUISÍNÍ**

**AGUISÍN A: RANNA C, D AGUS E CHIORCLÁN 16/73**

**ROINN C**

Dualgais is féidir a tharmligeán:

1. Maoirseacht éifeachtach ar dhaltáí le linn sosanna, thréimhsí lón, tionóla agus dífhostú.
2. Aire agus cúram sábháilte a thabhairt do riachtanais, do threalamh agus d'áiseanna teagaisc na scoile.
3. Comhoibriú leis an gCathaoirleach ó thaobh ceisteanna a bhaineann le cothabháil na scoile, teas agus glanadh, aire agus cuma ghinearálta na scoile agus clós na scoile.
4. Ranganna tacaíochta foghlama agus/nó speisialta a eagrú agus maoirsiú a dhéanamh orthu.
5. Maoirseacht a dhéanamh ar dhaltáí a mbeidh a múinteoirí as láthair agus obair a thabhairt dóibh.
6. Taifid scoile agus foirmeacha oifigiúla.
7. Socruithe le haghaidh cainteanna agus taispeántas agus le haghaidh cuairteanna ar scoileanna roghnaithe.
8. Socruithe, trí chomhaontú leis an gCathaoirleach, maidir le hidirchaidreamh éifeachtach le tuismitheoirí.
9. Socruithe le haghaidh turais oideachasúla agus turais lasmuigh den scoil.
10. Coigiltis a chur chun cinn.
11. Maoirseacht a dhéanamh ar leabharlanna scoile agus ranga.
12. Freagracht as réimsí áirithe den churaclam a eagrú ar fud na scoile.
13. Freagracht as imeacht scoile áirithe e.g. cluichí, cór, ceolfhoireann, dráma, etc.
14. Socruithe le maoirseacht a dhéanamh ar dhaltáí le linn chleachtaí reiligiúnacha.

**ROINN D**

**Leas-Phríomhoide**

(Nóta: Tagraítear don téarma Leas-Phríomhoide mar Phríomhoide Ionaid anois)

1. Iarrtar ar an bPríomhoide Ionaid cúnamh a thabhairt don Phríomhoide ó thaobh an scoil a eagrú ó lá go lá agus a mhaoirsiú. Chomh maith lena ndualgas teagaisc ba chóir don Chathaoirleach dualgais shainiúla a shannadh ar an bPríomhoide Ionaid. Ba chóir don Chathaoirleach an cheist a phlé leis an bPríomhoide sula sannann sé/sí dualgais den sórt sin ar an bPríomhoide Ionaid.

### **Múinteoirí Cúnta le poist fhreagrachta speisialta**

2. Ba chóir don Chathaoirleach socrú a dhéanamh i gcomhairle leis an bPríomhoide dualgais shainiúla a shannadh ar gach múinteoir a bhfuil post freagrachta aige/aici.

## **ROINN E**

1. Níl na liostaí dualgas ag Roinn C iomlán agus féadfaidh an Roinn Oideachais iad a leasú ó am go ham de réir mar a éilíonn imthosca sin.

2. Bíonn éagsúlacht ag baint le freagrachtaí agus le dualgais an Phríomhoide agus foirne eile faoi réir an chineál scoile atá i gceist agus cad é méid na scoile. Féadfaidh an Cathaoirleach, sa chás go dteastaíonn sin, i gcomhairle leis an bPríomhoide, cibé leasuithe a dhéanamh leis na liostaí dualgas ag Roinn C de réir mar a bheidh riachtanach le dul in oiriúint do riachtanais sonracha na scoile.

**Ciorclán 07/03**

### **AGUISÍN B: SCEIDEAL NA BPOST**

#### **SCEIDEAL NA BPOST BUNOIDEACHAIS**

<b>An Líon Post Údaraithe (lena n-áirítear Príomhoide)</b>	<b>Príomhoide</b>	<b>Príomhoide Ionaid</b>	<b>Poist Príomhoidí Cúnta</b>	<b>Poist Dualgas Speisialta</b>
1	1	0	0	0
2	1	0	0	1
3	1	1	0	0
4	1	1	0	1
5	1	1	0	1
6	1	1	0	1
7	1	1	0	2
8	1	1	0	2
9	1	1	0	3
10	1	1	0	3
11	1	1	0	3
12	1	1	0	4
13	1	1	0	4
14	1	1	1	4
15	1	1	1	4
16	1	1	1	5
17	1	1	1	5

18	1	1	1	6
19	1	1	1	6
20	1	1	2	6
21	1	1	2	6
22	1	1	2	7
23	1	1	2	7
24	1	1	3	7
25	1	1	3	7
26	1	1	3	8
27	1	1	3	8
28	1	1	3	9
29	1	1	3	9
30	1	1	3	10
31	1	1	3	10
32	1	1	4	10
33	1	1	4	10
34	1	1	4	11
35	1	1	4	11
36	1	1	5	11
37	1	1	5	11
38	1	1	5	12
39	1	1	5	12
40	1	1	6	12
41	1	1	6	12
42	1	1	6	13
43	1	1	6	13
44	1	1	7	13
43	1	1	7	13

### AGUISÍN C

#### CATAGÓIR LIÚNTAIS PHRÍOMHOIDÍ AGUS PHRÍOMHOIDÍ IONAIÐ

#### ÉIFEACHTACH ÓN 1 MEÁN FÓMHAIR 1996

<b>An Líon Post Teagasc Údaraithe</b>	<b>Catagóir Liúntais an Phríomhoide</b>	<b>Liúntas an Phríomhoide Ionaid</b>
Idir 1 agus 2	01*	-
3-5	01*	01
6-7	02	02
8-11	03	03
12-13	04	04
14-16	05	05
17-19	06	06
20-23	07	07
24-26	08	08
27-30	09	09
31-35	10	10

36+	11	11
-----	----	----

\* Cónascadh liúntas an Phríomhoide i gcás scoileanna de mhéid 1-2 agus 3-5 le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 1998.

***AN ROINN OIDEACHAIS & EOLAÍOCHTA***

**An Rannóg Íocaíochtaí Bunoideachais,  
An Roinn Oideachais & Eolaíochta,  
Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.**

**Teil: (0902) 74621 • (01) 8734700  
Faics: (0902) 78024  
Láithreán Gréasáin: [www.education.ie](http://www.education.ie)**

**Deartha agus Priontáilte ag New Cityview Press Ltd.  
Teil: 01-8600101**